

Séamus Ó Conghaile

Príomhoide Scoil na Tulaí 1980-2006

Bhailigh slua mór de phobal scoil na Tulaí le chéile ag Aifreann a bhí i Séipéal na Tulaí ar an 20ú lá de Mheitheamh chun saol fada múinteoireachta Shéamuis Uí Chonghaile a cheiliúradh agus chun chuile bheannacht a ghuí air agus é ag éirí as a phost.



Rang a 5 agus 6, 2005-2006

Chun tosaigh ó chlé: Karen Ní Dhonncha, Órlaith Ní Dhireáin, Aisling Ní Neachtain, Ann Marie Ní Fhátharta Áine Ní Dhubhghaill, Eimear Ní Mhaoileoin, Tríona Ní Dhiollúin, Niamh Ní Chonnacháin

Sa lár ó chlé: Evan Bleasdale, Sorchá Ní Fhátharta, Clíodhna Breathnach, Aoife Bolustrom, Mícheál Ó Conghaile, Mícheál Breathnach, Páraic Ó Curraoin, Diarmaid Ó Coisdealbha.

Ar chúil ó chlé: Síle Sorchá Ní Chonghaile, Máire Bríd Ní Chualáin, Seán Óg Ó Coisdealbha, Fiontán Ó Tuathail, Nathan Casburn-Trahan, Tomás Breathnach, Gearóid Ó Lorcáin, agus Séamus Ó Conghaile Príomhoide.

Bunscoile athraithe go mór ach thug sé faoi na hathruithe uilig go fonnmhar. Ní hé an curaclam, áfach, an t-aon rud atá athraithe. Ba scoil 3 oide a bhí i Scoil na Tulaí i 1980 agus anuraidh bhí cúigear múinteoirí ranga ar an bhfoireann mar aon le múinteoir acmhainne agus múinteoir Tacaíochta Foghlama. I 1998 déanadh athchóiriú ar an scoil agus tógadh seomra uilfhiúntach agus seomra ranga breise. I mbliana fuair an scoil deontas chun 3 sheomra ranga nua a thógáil mar aon le hoifigí agus leithris agus tá súil an obair thógála a thosú go luath. Is mór an trua go raibh ar Shéamus éirí as a phost sula raibh an obair thógála seo críochnaithe. Le cúnamh Dé tá súil againn go dtabharfaidh sé cuairt orainn go minic. Guíonn muid chuile bheannacht air agus go dtuga Dia sláinte mhaith dó chun sonas agus aoibhneas a bhaint as na blianta atá amach roimhe.

Tá Séamus, arbh as Leitir Mealláin ó thúis dó, ina Phríomhoide ar Scoil na Tulaí ó mhí Márta 1980. Roimhe sin ba le muintir Shligigh a bhí sé ag plé. Thosaigh sé a shaol múinteoireachta i 1961 mar Phríomhoide i scoil bheag tuaithe i Sligeach ach ní raibh sé ann ach ar feadh bliana mar gur dúnadh an scoil. As sin chuaigh sé go dtí Scoil N. Iósaeif, Teampall Buí, Co. Shligigh, fós mar Phríomhoide agus ba ansin a d'fhan sé go dtí 1977 nuair a d'athraigh sé go dtí scoil 3 oide i Scoil Rath Laoi atá suite in Iascaigh, Co. Shligigh. Is as sin, trí bliana ina

dhiad sin, a tháinig sé go dtí an Tulaigh.

Fear mór peile agus iománaíochta é Séamus agus is iomaí leaid agus cailín óg a d'fhoghlaim scileanna na peile uaidh agus a lean orthu ag imirt tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Ba múinteoir an-choinsiasach é agus theastaigh uaidh i gcónaí go mbeadh caighdeán ard léinn ag na gasúir agus iad ag fágáil na scoile.

Tá go leor athraithe feicthe ag Séamus ó thosaigh sé sa scoil i 1980. Dar ndóigh tá Curaclam na



Filimíne Uí Dhubhghaill,
Príomhoide nua Scoil na Tulaí